STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Dealg ‘na Teamhrach’ an t-ochtú haois

An áit ina bhfuil an réad seo le feiceáil

Ard-Mhúsaem na hÉireann – Seandálaíocht,
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2
Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil

Cuir cuairt ar an músaem in áirithe

Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil

NAISC CHURACLAIM

Stair

Sraith:	Scéal
Aonad Sraithe:	Scéalta faoi shaol daoine a mhair san am atá caite
Sraith:	Daoine de chuid luath-thréimhsí agus sochaithe ársa
Aonad Sraithe:	Éire Luath-Chríostaí

Gaeilge

Sraitheanna:	Teanga labhartha; scríbhneoireacht
Aonad Sraithe:	Mothúcháin agus samhlaíocht a fhorbairt trí theanga

Amharc-Ealaíona

Sraith:	Comhdhéanamh
Aonad Sraithe:	Comhdhéanamh a cheapadh; breathnú agus freagairt
Sraith:	Líníocht
Aonad Sraithe:	Líníocht a cheapadh; breathnú agus freagairt

Drámaíocht

Sraith:	Drámaíocht trína scrúdaítear mothúcháin, eolas agus smaointe, rud as a leanann tuiscint
Aonad Sraithe:	Comhoibriú agus cumarsáid le linn dráma a chumadh

ACMHAINNÍ

- Páipéar, cárta. pinn luaidhe, pionsailí dathadóireachta, ábhair éagsúla, gliú.

CUSPÓIRÍ

- Feabhas teicniúil agus áille aeistéitiúil Dhealg ‘na Teamhrach’ a thuiscint.
- Tú féin a chur in ionad na ndaoine a dhear, a rinne agus a chaith Dealg ‘na Teamhrach’.
- Aitheantas a thabhairt do na naisc idir saol na ndaoine an tráth sin agus saol na ndaoine sa lá atá inniu ann.

MEASÚNACHT

Gníomhaíocht - tomhas
Scríbhneoireacht chruthaitheach
Drámaíocht

DIFREÁIL

Gníomhaíocht - amharc-ealaíona
Drámaíocht

CEACHT

- Taispeáin íomhá de Dhealg ‘na Teamhrach’.

Léigh scéal Dhealg ‘na Teamhrach’.

Moltar go n-éisteann na leanaí gan an téacs a fheiceáil ar an scáileán, rud is féidir leo a dhéanamh níos déanaí.

Plé

- Cathain a rinneadh Dealg ‘na Teamhrach’?
- Cén fáth go ndearnadh dealga an tráth sin?
- Cén fáth go bhfuil Dealg ‘na Teamhrach’ chomh speisialta sin?
- Cad a insíonn an dealg dúinn faoi na daoine a bhí beo an tráth sin?
- Cérbh é nó í úinéir na deilge, dar leat?
- An gcaithfeá féin an dealg seo?

Gníomhaíocht – tomhas

Measúnacht

Faigheann na daltaí peann luaidhe agus/nó rialtóir agus, de réir mar atá ráite sa scéal, déanann siad tomhas ar leithead Dhealg ‘na Teamhrach’. (Féach mír a trí sa scéal.)

Gníomhaíocht - amharc-ealaíona

Difreáil

- Dearann na daltaí a ndealg féin. Ábhair líníochta: Páipéar, pinn luaidhe, pionsailí dathadóireachta, criáin, etc.
- Deanann na daltaí a ndealg féin. Ábhair comhdhéanaimh: Ábhair éagsúla, cárta, gliú, etc.

CEACHTANNA BREISE

Scríbhneoireacht chruthaitheach

Measúnacht

- Is déantóir seodra tú i mblianta na 700-ta. Tá duine tábhachtach sa phobal tar éis a iarraidh ort smaointe a bhreacadh síos faoi dhealg an-speisialta. Cinnfidh siad ansin an leanfaidh siad ar aghaidh. Ba rud iontach é seo duitse dá n-éireodh leis. Scríobh cur i láthair a bhaineann le Dealg ‘na Teamhrach’ - céard, cén fáth agus conas!

Drámaíocht – diancheistiú

Measúnacht
Difreáil

- Bímis ag cur i gcéill! Glacann dalta amháin ról úinéir agus chaiteoir Dhealg ‘na Teamhrach’. Cuireann na daltaí eile ceisteanna uirthi/air ó thaobh dhearcadh na ngnáthdhaoine a bhí beo an tráth sin. Cuireann siad ceisteanna i dtaobh cén fáth go raibh an dealg ann, cé chomh minic a chaitear í, cén áit ina gcoinnítear í, agus conas a mhothaíonn sí/sé nuair a chaitear í etc.

Réada a chuireann na daltaí ar fáil

- Iarr ar na daltaí réada atá tábhachtach ina stair theaghlaigh féin a thabhairt isteach leo.

  A. Déan físeán de na daltaí agus iad ag caint faoina réada.

  B. Cruthaigh fóta-scéal trí úsáid a bhaint as réada na ndaltaí. Tá naisc le fáil thíos le háiteanna ina bhfaighfear mínithe ar fhóta-scéal agus ar bhlagáil. Labhraíonn na daltaí faoi na híomhánna ina bhfeictear iad féin agus an réad. Téigh ó dhalta go dalta. Beidh gach dalta sa rang le feiceáil agus le cloisteáil sa chur i láthair.

  Seirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí: Conas úsáid a bhaint as fóta-scéal
  Conas do fhóta-scéal a bhlagáil

- Cuirtear A nó B ar fáil ar láithreán gréasáin na scoile.

Stair áitiúil

- An bhfuil réad is díol spéise ann i gceantar na scoile?